

COMHAONTÚ

IDIR:

Eagraíocht European Registry for Internet Domains vzw/

Seoladh Park Station

Woluwelaan 150

B-1831 Diegem

Belgium

CBL BE 0864 240 405

Ionadaithe ag: Marc Van Wesemael

Anseo ina dhiaidh seo ar a dtabharfar "EURid";

AGUS:

CÚLRA:

- Tá eagrú, riaradh agus bainistiú an Fhearainn BarrLeibhéil “.eu” agus malairtí féideartha .eu i scrípteanna eile tugtha do EURid faoi réir Rialachán (CE) Uimhir 733/2002 de chuid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an 22 Aibreán 2002 ar fhorfheidhmiú an Fhearainn Barrleibhéil .eu agus i Rialachán (CE) Uimhir 874/2004 a leagann amach na Rialacháin Bheartas Poiblí maidir le forfheidhmiú agus feidhmeanna an Fhearainn Barrleibhéil .eu agus na prionsabail a rialaíonn clárúchán, agus leasuithe orthu ina dhiaidh sin.
- Is mian leis an gCláraitheoir a bheith ina Chláraitheoir creidiúnaithe agus a bheith rannpháirteach sa phróiseas clárúcháin trí Ainmneacha Fearainn a chlárú, a athnuachan, a aistriú nó a bhainistiú le EURid thar ceann a chuid cliant ach dá chuntas féin;
- Is mian le EURid comhoibriú leis an gCláraitheoir i gclárú, in athnuachan, in aistriú agus i mbainistiú Ainmneacha Fearainn faoi théarmaí agus choinníollacha an “Chomhaontaithe” seo;

ANNOIS, DÁ BHRÍ SIN, TÁ SÉ SEO A LEANAS AONTAITHE AG NA PÁIRTITHE:**Airteagal 1. SAINMHÍNITHE**

Sa Chomhaontú seo, mura sonraítear a mhalairt:

Ciallaíonn “Creidiúnú” deonú an chirt ar an gCláraitheoir an ceart Seirbhísí Clárúcháin a thairiscint mar a dhéantar cur síos air anseo, tar éis an Comhaontú seo a shíniú agus an táille ar a bhfuil cur síos déanta in Airteagal 6.1 thíos a bheith íoctha ag an gCláraitheoir.

Ciallaíonn “Rialaitheoir Sonraí” an duine nádúrtha nó dlítheanach, údarás áitiúil, áisíneacht nó aon chomhlacht eile a chinneann astu féin nó i gcomhar le dreamanna eile aidhmeanna agus modhanna próiseála Sonraí Pearsanta;

Ciallaíonn “Próiseálaí Sonraí” duine nádúrtha dlítheanach, a phróiseálann na Sonraí Pearsanta thar ceann Rialaitheoir Sonraí;

Ciallaíonn “Ainm Fearainn” ainm fearainn a dheonaítear faoin bhFearann Barrleibhéil “.eu” sa script a iarradh.

Ciallaíonn “Sonraí Pearsanta” aon fhaisnéis maidir le duine nádúrtha aitheanta nó inaitheanta. Duine gur féidir a aithint is ea duine inaitheanta, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt nó uimhir aitheantais nó trí ghné amháin nó níos mó dá (h)aitheantas fisiciúil, fiseolaíoch; meabhrach; eacnamaíochta, cultúrtha nó sóisialta;

Ciallaíonn “Cláraí” coinneálaí nó iarratasóir an Ainm Fearainn a gcuirfead a S(h)onraí Pearsanta i mbunachar sonraí WHOIS sa chás go ndeonaítear an tAinm Fearainn.

Ciallaíonn “Clárúchán” an ceart atá deonaithe don Chláraí chun Ainm Fearainn a úsáid ar feadh téarma teoranta, athnuaithe, gan aistriú maoine, agus atá faoi réir 1) na dTéarmaí ginearálta agus coinníollacha curtha ar bun ag EURid agus 2) aon ráiteas, reachtúil nó eile, atá glactha ag institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh maidir leis;

Ciallaíonn “Seirbhísí Clárúcháin” seirbhísí clárúcháin, athnuachana, aistrithe nó bainistithe na nAinmneacha Fearainn a chuirtear ar fáil do Chláraithe.

Ciallaíonn seirbhís “Glasáil Chlárlainne” an tseirbhís a sholáthraíonn EURid de réir Airteagal 8.2 den Chomhaontú seo agus Alt 8.6 de na Téarmaí agus Coinníollacha chun ainmneacha fearainn a chosaint ar athruithe timpisteacha, ar aistriú nó ar scriosadh tríd an Ainm Fearainn a ghlásáil.

Ciallaíonn “Rialacha” gach riail agus rialachán a bhaineann le Fearann Barrleibhéil .eu in aon cheann de na scrípteanna atá ar fáil ag an dara leibheál agus ag an mbarrleibhéal, lena n-áirítear gan teorainn, Rialachán 733/2002, Rialachán 874/2004, Rialachán1654/2005, a leasuithe ina dhiaidh sin, an Beartas Clárúcháin, na Téarmaí agus Coinníollacha, Beartas WHOIS, na Rialacha Sunrise; Rialacha ADR agus Rialacha-Forlíonacha ADR, mar atá foilsithe i measc nithe eile ar Shuíomh Gréasáin EURid (www.eurid.eu) agus Cúirt Eadrána na Seice (www.adr.eu).

Airteagal 2. CREIDIÚNÚ AN CHLÁRAITHEORA

2.1 Ábhar an Chomhaontaithe

Tríd an gComhaontú seo creidiúnaíonn EURid an Cláraitheoir agus ar an mbonn sin deonaíonn don Chláraitheoir an ceart Seirbhísí Clárúcháin a thairiscint do Chláraitheir faoi na téarmaí agus coinníollacha atá leagtha amach thíos. Ní thugann an Comhaontú seo aon cheart, cumhacht nó údarás don Chláraitheoir an Clárlann a fheidhmiú ná a bhainistiú.

2.2 Neamheisiachas

Tá na cearta deonta don Chláraitheoir faoin gComhaontú seo neamheisiach, agus tá EURid saor go hiomlán dá rogha féin le Cláraitheoirí eile a cheapadh.

2.3 Comhlíonadh na Rialacha

Comhlíonfaidh an Cláraitheoir na Rialacha, agus staonfaidh sé ó chomhoibriú go díreach nó go hindíreach le haon Chláraí a sháraíonn na Rialacha nó a thionscnaíonn a leithéid de shárú. Cuirfidh an Cláraitheoir an Clárlann ar an eolas faoina leithéid de mhí-úsáid gan mhoill.

2.4 Teangacha

Nuair a bhíonn iarratas á dhéanamh ar Chreidiúnú, ní mór do gach Cláraitheoir atá ag déanamh iarratais na teangacha ina soláthróidh siad Seirbhísí Clárúcháin a léiriú. Tá gach cláraitheoir creidiúnaithe foilsithe ar liosta Cláraitheoirí creidiúnaithe ar shuíomh Gréasáin EURid agus tá na teangacha ina soláthraíonn siad na Seirbhísí Clárúcháin léirithe ann leis.

Tugann an Cláraitheoir barántas go ndéanfaidh sé na Téarmaí agus Coinníollacha seirbhíse a chur ar fáil, seirbhísí agus praghsanna a leagan amach agus tacaíocht a sholáthar don chustaiméir sa teanga/sna teangacha atá léirithe, sa chás go dtuigtear go gciallaíonn ‘tacaíocht don chustaiméir’ in aon teanga faoi leith tacaíocht ar an nguthán agus / nó tacaíocht leictreonach.

Ní mór do Chláraitheoirí freisin gach Seirbhís Clárúcháin a sholáthar sna teangacha atá léirithe. Ní mheasfar go dtugann Cláraitheoirí nach bhfuil suíomh Gréasáin feidhmiúil acu lena seirbhísí agus a sonraí teagmhála a fhoilsiú air aon tacaíocht don chustaiméir.

Ní mór do Chláraitheoirí tacaíocht chustaiméara a sholáthar i gceann amháin ar a laghad de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

Ní mór do gach Cláraitheoir a sheoladh ríomhphoist sainiúil agus feidhmiúil féin a bheith aige nó aici.

Má theipeann ar an gCláraitheoir a leithéid de sheirbhísí a sholáthar i gceann amháin nó níos mó de na teangacha atá léirithe, féadfaidh EURid an táscaire teanga cúí a bhaint den Chláraitheoir. Fairis sin, sárú ábhartha an Chomhaontaithe seo a bheidh ina leithéid de theip.

2.5 Inniúlachtaí Teicniúla

Tugann an Cláraitheoir barántas go bhfuil na hinniúlachtaí teicniúla aige nó aici leis na gnímh éagsúla a thabhairt chun críche (Clárúchán nua, nuashonrú fearainn, aistriú fearainn, srl) ag baint úsáid as córais uathoibríthe EURid.

Tá dualgas ar an gcláraitheoir gach Seirbhís Clárúcháin atá ar fáil ó EURid a chur ar fáil don Chláraí mar shampla (ach ní teoranta go dtí):

- Athrú freastalaithe FAF/ DNS (Freastalaí Ainmneacha Fearainn)
- Nuashonrú sonraí teagmhála
- Ag athnuachan an Ainm Fearainn
- Ag aistriú Ainmneacha Fearainn

Féachfar ar ráitis chialloiseacha a dhéanann aon Chláraitheoir maidir le teorainneacha teicniúla EURid mar shárú ar an gComhaontú seo.

2.6 Úsáid an téarma “Cláraitheoir Creidiúnaithe”

Tar éis tabhairt chun críche an phróisis rathúil Creidiúnaithe, féadfaidh an cláraitheoir tagairt a dhéanamh dó nó di féin mar ‘Cláraitheoir Creidiúnaithe’. Ní fhéadfaidh an Cláraitheoir, áfach, a lua ná a thabhairt le tuiscint go bhfuarthas a stádas mar ‘Chláraitheoir Creidiúnaithe’ ar bhun chaighdeán a sheirbhísí.

Airteagal 3. CLÁRÚ AINM FEARAINN

De réir an Chomhaontaithe seo, cláróidh agus ceadóidh EURid an ceart chun aon Ainm Fearainn a úsáid a bhfuil Clárúchán nó athnuachan iarrtha ag an gCláraitheoir ina leith thar ceann an Chláraí, ach dá chuntas féin. Ní cheadófar úsáid an Ainm Fearainn ach amháin má chomhlíonann an t-iarratas na rialacha.

Airteagal 4. OIBLEAGÁIDÍ AN CHLÁRAITHEÓRA

Déanfaidh an Cláraitheoir:

- A chinntiú agus a dhoiciméadú go bhfuil glactha ag gach cláraí, dá gcláraíonn an Cláraitheoir Ainm Fearainn, leis na Rialacha atá i bhfeidhm. Cuirfidh an Cláraitheoir, ar chéad iarratas EURid agus gan aon mhoill mhíchuí, doiciméid ar fáil do EURid a léiríonn glacadh an Chláraí leis na Rialacha;
- A chinntiú agus a dhoiciméadú go gclóíonn gach Cláraí a gcláraíonn an Cláraitheoir Ainm Fearainn dó nó di le riachtanais Airteagal 3 de Rialachán 874/2004, lena n-áirítear - gan teorainn - deimhniú an Chláraitheora go bhfuil, de réir a n-eolais, an t-iarratas ar Chlárúchán ainm fearainn déanta de mheon macánta agus nach gcuireann sé isteach ar chearta aon tríú páirtí

mar atá leagtha amach in Airteagal 3 de Rialachán 874/2004. Déanfaidh an Cláraitheoir agus gan mhoill mhíchúí, ar iarratas ó EURid doiciméid a chur ar fáil do EURid ag léiriú go bhfuil an Cláraí ag comhlíonadh Airteagal 3 de Rialachán 874/2004;

- A chinntiú go bhfuil gach Cláraí a gcláraíonn an cláraitheoir Ainm Fearainn dó nó di ag comhlíonadh na riachtanas sna Rialacha chun Clárúchán Ainm Fearainn a bhaint amach nó a athnuachan, go háirithe, ach gan teorainn, riachtanais Rialachán CE 733/2002 agus Rialachán CE 874/2004 agus leasuithe féideartha orthu ina dhiaidh sin, lena n-áirítear critéir cháilitheachta ginearálta. D'fhéadfadh go mbeadh de thoradh ar theip i gcomhlíonadh na riachtanas seo go gcuirfí an Clárúchán ar ceal láithreach;
- Gach Cláraí a chur ar an eolas maidir le gach faisnéis a sheolann EURid go dtí an Cláraitheoir, go háirithe sa chás go bhféadfadh tionchar a bheith ag an bhfaisnéis ar an gcaidreamh idir an Cláraí agus EURid nó sa chás go mbeadh baint ag an eolas a seoladh leis an bhféidearthacht deireadh a chur le Clárúchán Ainm Fearainn;
- A chinntiú, maidir le clárú an Ainm Fearainn mar atá comhaontaithe leis an gCláraí, go gcomhfhreagraíonn sé gach tráth leis an bhfóirthearma clárúcháin a thaispeántar sa bhunachar sonraí WHOIS.
- Le linn an phróisis Cláraithe, sonraí an Chláraí a rinne an chéad iarratas do Chlárúchán an Ainm Fearainn/ Na hAinmneacha Fearainn atá i gceist a chur isteach i gcónaí (lena n-áirítear, ach nach bhfuil teoranta d'aon aighneacht sa bhunachar WHOIS) agus ní a sonraí féin. Is é seoladh ríomhphoist an Chláraí amháin a bheidh ar fáil sna sonraí teagmhála agus ní hé ceann an Chláraitheora, ach amháin sa chás gur iarr an Cláraí seoladh ríomhphoist an Chláraitheora a chur isteach. Tar éis an phróisis Clárúcháin, ní mór don Chláraitheoir a chinntiú gurb iad sonraí an Chláraí atá sa bhunachar WHOIS an t-am go léir, agus nach iad a sonraí féin.
- Gan Ainmneacha Fearainn a chlárú gan treoir shonrach a bheith faighte chun é sin a dhéanamh ón gCláraitheoir. D'ainneoin sin, féadfaidh an Cláraitheoir líon teoranta Ainmneacha Fearainn a chlárú chun a úsáide féin amháin gan treoir shonrach chun é sin a dhéanamh ón gCláraí. I gcásanna mar sin, déanfaidh an Cláraitheoir cruthúnas a chur ar fáil do EURid, ar a chéad iarratas agus gan mhoill, gur d'úsáid an Chláraitheora féin amháin atá na hAinmneacha Fearainn seo cláraithe. Chun críocha na míre seo, ní mheastar treoracha ó Chláraithe a bhfuil mórán cosúlachtaí acu leis an gCláraitheoir nó a bhfuil naisc acu leis an gCláraitheoir (lena n-áirítear ach ní teoranta do: go mbeadh an uimhir ghutháin nó an seoladh ríomhphoist céanna acu, go bhfuil an teagmhálaí den aonán liostáilte díreach mar an gcéanna le teagmhálaí teicniúil nó bille an Chláraitheora), a bheith mar threoracha sonracha i gciall na míre seo.

Airteagal 5. TRÉIMHSE SUNRISE

Fágtha folamh in aon turas.

Airteagal 6. TAILLÍ

6.1 Táillí

1. Sula féidir leis a bheith ina Chláraitheoir creidiúnaithe, ní mór don Chláraitheoir buntáille 2,500 Euro (dhá mhíle cúig chéad Euro) ar a laghad a íoc roimh ré le EURid, gan táillí bainc ná aistrithe san áireamh.

Réamhíocaíocht is ea an tsuim seo as a mbaineann EURid na táillí Clárúcháin, athnuachana, fadaithe téarma, athghníomhachtaithe agus aistrithe, faoi mar atá leagtha amach san Airteagal seo, chomh maith le táillí iarratais sunrise, faoi mar atá leagtha amach in Airteagal 5.

Déanfaidh EURid sonraisc mhíosúla a eisiúint do na táillí Clárúcháin, athnuachana, fadaithe téarma, athghníomhachtaithe agus aistrithe ar fad atá dlite de réir Airteagal 6.1. Déanfar íocaíochtaí na sonraisc seo a úsáid chun an bhuntáille a athshlánú.

Má shroicheann an réamhíocaíocht náid sula seolann EURid an sonraisc míosúil, nó sula n-íoctar sonraisc atá fós le híoc, ní cheadóidh ná ní dhéanfaidh EURid athnuachan ar Chlárúcháin a bhfuil iarratas déanta ag an gCláraitheoir seo orthu go dtí go bhfaigheann EURid ar a laghad íocaíocht na buntáille atá leagtha amach in Airteagal 6.1.

Ní fhabhróidh aon ús ar an réamhíocaíocht chun sochair an Chláraitheora (d'ainneoin Airteagal 6.2). D'ainneoin na n-eisceachtaí a ndéantar foráil dóibh in Airteagal 12 den Chomhaontú seo, déantar an chuid eile den réamhíocaíocht a aisíoc leis an gCláraitheoir ag deireadh an Chomhaontaithe nó, i gcás sárú conartha ag an gCláraitheoir, nuair ba ghnáthaí don Chomhaontú teacht chun deiridh de réir Airteagal 10.

2. Ní mór don Cláraitheoir na táillí Clárúcháin, athnuachana, athghníomhachtaithe agus fadaithe téarma a íoc i leith na nAinmneacha Fearainn a chláraíonn sé, a athnuann sé, a athghníomhachtaíonn sé nó a fhadaíonn sé thar ceann aon Chláraí. Leagann Taispeántán 1 amach na táillí Clárúcháin, athnuachana agus fadaithe infheidhmithe ar shíniú an Chomhaontaithe seo. Déantar an táille do chlárúchán, d'athnuachan agus d'fhadú ainm fearainn a bhaint láithreach as an mbuntáille atá leagtha amach in Airteagal 6.1.

Ní mór don Chláraitheoir céimeanna a ghlacadh chun Ainm Fearainn a scriosadh roimh an dáta éagtha. Déanfar Ainmneacha Fearainn nach scriostar roimh an dáta éagtha a athnuachan go huathoibríoch agus bainfear na táillí comhfhreagracha go huathoibríoch ón mbuntáille atá leagtha amach in Airteagal 6.1.

3. Is féidir leis an gCláraitheoir iarraidh ar EURid na hAinmneacha Fearainn go léir atá acu nó cuid díobh a aistriú chuig Cláraitheoir creidiúnaithe eile. Gearrfaidh EURid táille sonrath aistrithe ar na haistrithe seo. Tá an táille aistrithe is infheidhme ar shíniú an Chomhaontaithe seo leagtha amach i dTaispeántán 1. Bainfear na táillí aistrithe ón mbuntáille atá leagtha amach in Airteagal 6.1 a luaithe agus a chomhlíontar an t-aistriú.

4. Sa chás go n-aistrítear Ainm Fearainn de réir Alt 7 de na Téarmaí agus Coinníollacha agus Alt 10 den Bheartas Clárúcháin, beidh an táille infheidhmithe a bhaineann lena leithéid d'aistriú dlite agus déanfar í a bhaint go huathoibríoch ó chuntas an Chláraitheora a iarrann an t-aistriú chomh luath agus a thagann an t-aistriú in éifeacht. Ní dhéanfaidh EURid aon táille atá íoctha go hiomlán nó a bhfuil cuid de íoctha ag an gCláraitheoir roimhe sin a aisíoc.

5. Chun an Cláraí a chosaint in aghaidh scriosadh neamhdheonach, cuirfear Ainm Fearainn i gcoraintín le linn tréimhse ar leith tar éis é a scriosadh is cuma ar iarr an Cláraí an scriosadh seo nó nár iarr nó an de thoradh neamh-athnuachan an ainm fearainn é. Is féidir an tAinm Fearainn a athghníomhachtú arís le linn na tréimhse seo, ar iarratas ón gCláraí. Gearrfaidh EURid táille sonrath ar athghníomhachtú gach Ainm Fearainn, a bhainfear ón mbuntáille atá leagtha amach in Airteagal 6.1. Tá an tréimhse inar féidir an tAinm Fearainn a athghníomhachtú chomh maith leis an táille athghníomhachtaithe atá infheidhmithe ar shíniú an Chomhaontaithe seo leagtha amach i dTaispeántán 1.

6. I gcás Glasáil Chlárlainne ar Ainm Fearainn de réir Airteagal 8.2 den Chomhaontú seo agus Alt 8.6 de na Téarmaí agus Coinníollacha, beidh na táillí infheidhmithe atá leagtha amach i dTaispeántán 1 dlite.

7. Féadfaidh EURid na táillí atá luaite san Airteagal seo (6.1) a leasú ag aon am agus cuirfidh siad an Cláraitheoir ar an eolas faoi aon athruithe ag tráth nach lú ná 30 lá sula dtagann éifeacht leis na táillí nua. Ní mór do EURid an t-eolas seo a sheoladh ar ríomhphost go dtí an seoladh atá curtha ar fáil ag an gCláraitheoir le linn an Phróisis Creidiúnaithe agus na táillí nua a fhoilsiú ar a shuíomh idirlín.

6.2 Íocaíocht

1. Ní mór na sonraisc a sheolann EURid go dtí an Cláraitheoir ar bhun míosúil a íoc de réir na modhanna íocaíochta atá léirithe ar na sonraisc sin.

Beidh táillí clárúcháin agus athnuachana dlite a luaithe is atá Ainm Fearainn cláraithe nó nuair atá Tréimhse Clárúcháin athnuaithe, pé acu an bhfuil nó nach bhfuil íocaíocht faighte ag an gCláraitheoir ón gCláraí.

2. Ní mór sonraisc a íoc laistigh de 30 lá de dháta an tsonraisc. Baineann pionóis gan fógra le hÍocaíochtaí déanacha agus déantar iad a ríomh mar a leanas:

- 10% den méid dlite (íosmhéid de 250,000 EUR); agus
- Ús de 1% sa mhí ríofa do gach mí a tosaíodh.

Ní chuireann sé seo isteach ar leigheasanna eile sa Chomhaontú seo.

Airteagal 7. FORÁLACHA TEICNIÚLA

7.1 An Nós Imeachta do Chlárúcháin

Tá an nós imeachta Clárúcháin iomlán uathoibríthe agus ní mór don Chláraitheoir meas a léiriú ar na nósanna imeachta atá forbartha ag EURid maidir le hAinm Fearainn a chlárú, a athnuachan nó a bhainistiú, lena n-áirítear na nósanna imeachta do thréimhse Sunrise agus d'uasghrádú faisnéise faoi Chláraithe. Tá léargas ginearálta ar na nósanna imeachta seo le fáil ar shuíomh gréasáin EURid.

Féadfaidh EURid an nós imeachta Clárúcháin a leasú agus ní mór dóibh an Cláraitheoir a chur ar an eolas ar a laghad 30 lá sula dtagann na nósanna imeachta nua in éifeacht, trí ríomhphost agus trí na nósanna imeachta nua a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin EURid. Ag an am céanna, ní mór do EURid gach faisnéis theicniúil atá ag teastáil chun iad a fheidhmiú a chur ar fáil don Chláraitheoir.

7.2 Lochtanna teicniúla

Ní ceadmhach don Chláraitheoir gréasán EURid a rólódáil ná bac a chur ar EURid a sheirbhísí a sholáthar (m.sh. ionsaithe seirbhísí a shéanadh). Ní ceadmhach don Chláraitheoir gníomhú ar bhealach ar bith a d'fhéadfadh seasmhacht an Idirlín a chur faoi bhagairt. Má sháraíonn an Cláraitheoir na hoibleagáidí seo, féadfaidh EURid an Comhaontú seo a chur ar ceal láithreach agus gan fógra, ar feadh 14 lá. Féadfaidh EURid deireadh a chur leis an gComhaontú, má tá an Cláraitheoir fós ag sárú na n-oibleagáidí seo tar éis 14 lá.

7.3 Rochtain ar bhogearraí EURid

Tá sé de dhualgas ar an gCláraitheoir rochtain ar chomhpháirteanna bhogearraí EURid a úsáid le meon macánta agus faoi réir, go feidhmiúil agus go teicniúil, na lámhleabhar ar úsáid atá foilsithe ar shuíomhanna gréasáin EURid, nó curtha ar fáil in aon tslí eile, mar pháipéar priontáilte, DD/DVD, srl, lena n-áirítear scéalta práinneacha infheidhmithe agus/nó nuachtlitreacha.

I gcásanna go dtugann an Cláraitheoir mífheidhm faoi deara, tá de dhualgas air é seo a lua i modh rúin le EURid, mar aon le haon ábhar tacaíochta a d'fhéadfadh cabhrú le EURid chun an mhífheidhm líomhnaithe a aithint agus ina dhiaidh sin é a cheartú/a fheabhsú.

Níl cead ag an gCláraitheoir ag aon phointe a bhfuair sé amach a chur faoi bhráid an phobail, bíodh sin tríd an bpreas, trí ghrúpaí nuachta, trí bhlaganna nó ar aon bhealaí eile, roimh ráiteas oifigiúil a bheith faighte ó EURid maidir lena dhiagnóis agus leigheas an cháis tuartha, laistigh de thréimhse réasúnta moille de ar a laghad 30 lá oibre ag tosú ó dháta an chéad phíosa cumarsáide.

Má tharlaíonn sé, ag aon am tar éis na tréimhse sin, go gcuireann an Cláraitheoir a chumarsáid faoi bhráid an phobail, tá de dhualgas air an ráiteas ó EURid a chur san áireamh, ina iomláine.

Airteagal 8. AISTRÍÚ AINM FEARAINN AGUS GLASÁIL CLÁRLAINNE

8.1 Aistriú Ainm Fearainn

Aithníonn an Cláraitheoir go bhfuil sé de cheart ag an gCláraí an tAinm Fearainn a aistriú chuig Cláraí nua agus / nó chuig Cláraitheoir creidiúnaithe eile. Ní mór a leithéid d'aistriú a dhéanamh de réir Alt 10 den Bheartas Clárúcháin agus Alt 7 de na Coinníollacha agus na Téarmaí. Trí na nósanna imeachta atá leagtha amach ann a leanúint, aithníonn agus barántaíonn an Cláraitheoir aistriú an Ainm Fearainn a bheith bailí. Ní mór don Chláraitheoir comhoibriú leis an gCláraí (reatha agus/nó nua), an Cláraitheoir nua, agus EURid le linn na gcéimeanna éagsúla den phróiseas aistrithe.

Mura gcomhlíonann an Cláraitheoir na hoibleagáidí seo, tá EURid i dteideal an t-aistriú a fhorgníomhú agus ní féidir é a chur faoi dhliteanas as ucht sin a dhéanamh.

8.2 Glasáil Clárlainne

Tá sé de rogha ag an gCláraitheoir creidiúnaithe, ag am ar bith, suibscríobhadh don tseirbhís Glasála Clárlainne de réir Alt 8.6 de na Téarmaí agus Coinníollacha agus an nós imeachta atá leagtha amach ar an Eislíon Cláraitheora (<https://secure.registry.eu>).

Airteagal 9. BEARTAS PRÍOBHÁIDEACHTA

Coimeádfaidh an Cláraitheoir beartas príobháideachta soiléir, a chomhlíonann gach rialachán cosanta sonraí Náisiúnta, Eorpach agus Idirnáisiúnta atá infheidhmithe, agus cuirfidh sé a chuid Cláraithe ar an eolas faoi.

Staonfaidh an Cláraitheoir ó thurscar a chur chuig Cláraithe reatha nó Cláraithe a d'fhéadfadh a bheith ann sa todhchaí chun iad a ghríosú lena sheirbhísí a úsáid. Mar sin féin, ní áirítear mar thurscar cuireadh a thabhairt do Chláraithe reatha a nAinmneacha Fearainn a athnuachan agus faisnéis bhreise a sheoladh chuig na Cláraithe sin faoi na seirbhísí atá á dtairiscint.

Ní roinnfidh an Cláraitheoir sonraí pearsanta a Chláraithe le tríú páirtí ach amháin má éilíonn údarás phoiblí chúil air a leithéid a dhéanamh nó chun feidhm WHOIS de EURid a choimeád.

Déantar an Cláraitheoir a ainmniú leis seo mar Phróiseálaí Sonraí maidir le bailiú agus aistriú chuig EURid, ag gníomhú mar Rialtóir Sonraí, na Sonraí Pearsanta atá ag Cláraithe, ar Cláraithe iad atá ag iarraidh Ainm Fearainn a Chlárú nó Tréimhse Chlárúcháin a athnuachan.

Chun na críche seo, déanfaidh an Cláraitheoir:

- a) Má tá sé bunaithe laistigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, ní mór dó déanamh de réir na reachtaíochta cosanta sonraí infheidhmithe atá i bhfeidhm sa Bhallstát ina bhfuil an Cláraitheoir bunaithe agus ní mór dó EURid a shlánú agus é a dhéanamh neamhdhíobhálach in aghaidh aon ghníomh a bheadh ag trú páirtí mar thoradh ar shárúithe ar a leithéidí de dhlíthe cosanta sonraí maidir le feidhmíocht an Chomhaontaithe seo.
- b) Má tá sé bunaithe laistigh de thír atá lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch atá dearbhaithe mar áit go bhfuil leibhéal fóna cosanta ann i ngeall ar a dhlí intíre nó tiomantais idirnáisiúnta atá an tír sin tar éis a chur i gcrích faoi chinneadh an Choimisiúin Eorpaigh glactha faoi Airteagal 25(6) de threoir 95/6/CE, ní mór dó déanamh de réir na reachtaíochta cosanta sonraí infheidhmithe atá i bhfeidhm sa dlínse ina bhfuil an Cláraitheoir bunaithe agus EURid a shlánú agus é a dhéanamh neamhdhíobhálach in aghaidh aon ghníomh trú páirtí mar thoradh ar shárúithe ar a leithéidí de dlíthe cosanta sonraí maidir le feidhmíocht an Chomhaontaithe seo.
- c) Má tá sé bunaithe laistigh de thír nach gcomhlíonann na coinníollacha atá leagtha amach in (a) nó (b) thuas, ní mór dó déanamh de réir na gclásal caighdeánach conartha glactha faoi Chinneadh an Choimisiúin Eorpaigh 2002/16/CE 27 Nollaig 2001 agus EURid a shlánú agus é a dhéanamh neamhdhíobhálach in aghaidh aon ghníomh trú páirtí mar thoradh ar shárúithe ar a leithéidí d'fhorálacha conartha maidir le feidhmíocht an Chomhaontaithe seo.
- d) Má tá sé bunaithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá ní mór don Chláraitheoir:
- cloí le Prionsabail Phríobháideachta *Safe Harbor* atá eisithe ag Roinn Tráchtála na Stát Aontaithe, ag tabhairt dóthain faisnéise ina leith do EURid, agus EURid a shlánú agus é a dhéanamh neamhdhíobhálach in aghaidh aon ghníomh trú páirtí mar thoradh ar shárúithe ar a leithéidí d'fhorálacha maidir le feidhmíocht an Chomhaontaithe seo; nó,
 - glacadh leis na forálacha conartha atá leagtha amach in (c) thuas, agus EURid a shlánú agus é a dhéanamh neamhdhíobhálach in aghaidh aon ghníomh trú páirtí mar thoradh ar shárúithe ar a leithéidí d'fhorálacha conartha maidir le feidhmíocht an Chomhaontaithe seo.

Airteagal 10. TRÉIMHSE

Déantar an Comhaontú seo a chur i gcrích ar feadh tréimhse bliana ag tosú ón dáta Creidiúnaithe agus ag críochnú ar an lá deiridh de mhí chothrom bliana an Chomhaontaithe.

Ag deireadh a thréimhse, sínfear an Comhaontú ar feadh tréimhsí comhleanúnacha de bhliain amháin mura gcuireann ceachtar páirtí an páirtí eile ar an eolas i scríbhinn tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh an chéad téarma den Chomhaontú nó tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh aon tréimhse bliana comhleanúnaí den Chomhaontú nach dteastaíonn uaidh an Comhaontú a shíneadh.

Airteagal 11. FOIRCEANNADH AN CHOMAONTAITHE

11.1 Foirceannadh Údarás Cláraithe EURid

Tiocfaidh an Comhaontú seo chun críche láithreach mura féidir le EURid, ar chúis ar bith, Ainmneacha Fearainn a chlárú. Ní féidir leis an gCláraitheoir an fhreagracht a chur ar EURid i leith

damáistí a leanfaidh an foirceannadh seo, mura bhfuil an foirceannadh de thoradh ar mhórfhaillí nó calaois éigin de chuid EURid.

Ní mór do EURid an Cláraitheoir a chur ar an eolas láithreach maidir le haon fhíríc ar tarraingíodh a aird air a d'fhéadfadh, le réasún, a bheith mar chúis le húdarás clárúcháin EURid a fhoirceannadh.

Nuair a fhaigheann sé amach go bhfuil foirceannadh a údarás clárúcháin ag teacht, déanfaidh EURid gach iarracht:

- Éascú a dhéanamh ar leanúint nó aistriú na gconarthaí atá ann cheana féin idir EURid agus na Cláraitheoirí ag an dáta foirceanta;
- Tréimhse fógartha a fháil roimh fhoirceannadh a údarás cláraithe.

11.2 Sárú Conartha

Má sháraíonn an Cláraitheoir an Comhaontú seo, lena n-áirítear Airteagal 2.3 gan teorainn, seolfaidh EURid ríomhphost go dtí an seoladh ríomhphoist a chuir an Cláraitheoir ar fáil le linn an phróisis Creidiúnaithe agus litir tríd an bpost cláraithe go dtí an Cláraitheoir ag iarraidh ar an gCláraitheoir scor den sárú Comhaontaithe. Féadfaidh EURid deireadh a chur leis an gComhaontú gan aon fhógra breise agus gan aon chúiteamh a bheith dlite mura bhfreagraíonn an Cláraitheoir nó mura stopann an Cláraitheoir den sárú Comhaontaithe laistigh de 14 lá tar éis dháta na cumarsáide.

11.3 Féimheacht nó foirceannadh

Tiocfaidh an Comhaontú seo chun críche láithreach gan aon chúiteamh a bheith dlite má:

- thiteann an Cláraitheoir i bhféimheacht; nó,
- go ndéanann an Cláraitheoir iarratas ar imshocrú breithiúnach, nó
- go ndéantar foirceannadh ar ghnó an Chláraitheora.

Airteagal 12. NA HIARMHAIRTÍ A BHAINNEAN LE FOIRCEANNADH CHOMHAONTÚ AN CHLÁRAITHEORA

Ar fhoirceannadh, ní mór don Chláraitheoir aon táillí atá le híoc agus a bhí dlite roimh fhoirceannadh a íoc láithreach. Ar iarratas ón gCláraitheoir a bhfuil a Chomhaontú foirceanta nó ó dhuine atá i dteideal feidhmiú thar a cheann, aistroidh EURid Ainmneacha Fearainn an Chláraitheora a bhfuil a Chomhaontú foirceanta chuig Cláraitheoir amháin nó níos mó atá creidiúnaithe. I gcásanna mar sin, gearrfaidh EURid an táille aistrithe in Airteagal 6.1.3 agus bainfidh sé an táille sin ón mbuntáille atá fágtha a íocadh de réir Airteagal 61 den Chomhaontú seo. Déanfar aon suim atá fágtha a chúiteamh leis an gCláraitheoir ag deireadh an chéad téarma den Chomhaontú; nó más infheidhmithe, ag deireadh an tsnídh bliana atá i bhfeidhm. Tabhair faoi deara nach ndéanfar aon chúiteamh roimh dheireadh na tréimhse Sunrise atá leagtha amach in Airteagal 5.

Má dhéantar an Comhaontú a fhoirceannadh agus mura n-éiríonn leis an gCláraitheoir aistriú na nAinmneacha Fearainn ina phunann chuig Cláraitheoir(i) eile a thabhairt chun críche laistigh de mhí amháin d'fhoirceannadh an Chomhaontaithe, ní mór do EURid a chur in iúl do na Cláraitheoirí go bhfuil a nAinmneacha Fearainn curtha ar coimeád de réir na Rialacha. Cuirfear an t-eolas seo ar ríomh-phost go dtí an seoladh ríomhphoist a chuir an Cláraitheoir ar fáil le linn an phróisis Clárúcháin agus a foilsíodh ar shuíomh gréasáin EURid tráth nach déanaí ná dhá mhí sula dtagann sé i bhfeidhm. Ag an am céanna, ní mór do EURid a chur in iúl do na Cláraitheoir go bhfuil mí amháin acu le Cláraitheoir eile a roghnú. Tá EURid i dteideal na costais a bhaineann le próiseáil na faisnéise seo a shonrascadh má bhíonn na costais seo níos mó ná a bhfuil fágtha sa bhuntáille.

Má ainmníonn an Cláraí Cláraitheoir eile, gearrfaidh EURid na táillí athnuachana ar an gCláraitheoir nua nuair a thiocfaidh an téarma Clárúcháin faoin sean Chláraitheoir chun críche. Mura gceapann an Cláraí Cláraitheoir eile, déanfaidh EURid foirceannadh ar Clárúchán an Ainm Fearainn ag deireadh a thréimhse. Fanfaidh an tAinm Fearainn ar coraintín ar feadh na tréimhse seo a leanas (pé acu ceann is faide):

- Trí mhí tar éis don fhógra ag iarraidh ar an gCláraí Cláraitheoir nua a cheapadh a bheith eisithe; nó
- Dhá mhí tar éis fhoirceannadh an Chlárúcháin.

Fad is atá an tAinm Fearainn ar coraintín, féadfaidh an Cláraí Cláraitheoir eile a cheapadh. Ní mór don Chláraitheoir ionchasach iarratas réasúnaithe a sheoladh go dtí EURid ag déanamh iarratais le bheith ina Chláraitheoir nua agus chun aon Chlárúcháin a bhí foirceanta a athbhunú.

Airteagal 13. DÁILEADH CEART

Féadfaidh an Cláraitheoir a chearta agus a oibleagáidí faoin gComhaontú seo a shannadh do Chláraitheoir creidiúnaithe eile má chuireann an Cláraitheoir é sin in iúl do EURid i scríbhinn tráth nach déanaí ná mí amháin sula dtagann feidhm leis an sannadh.

Airteagal 14. RÁTHAÍOCHTAÍ

Ní mór don Chláraitheoir EURid a shlánú in aghaidh aon éilimh ar dhamáistí i gcúirt nó lasmuigh de chúirt atá déanta ag Cláraitheoir nó tríú páirtithe in aghaidh EURid as na táirgí agus seirbhísí a bhí á dtairiscint ag EURid nó ag an gCláraitheoir, lena n-áirítear ach nach bhfuil teoranta dóibh seo a leanas:

- Éilimh maidir le sárú an Chomhaontaithe seo ag an gCláraitheoir;
- Éilimh maidir le deonú nó gan deonú, athnuachan nó neamh-athnuachan Clárúcháin Ainm Fearainn an Chláraí nó tríú páirtí;
- Éilimh maidir le foirceannadh údarás clárúcháin EURid (d'ainneoin Airteagal 11.1 den Chomhaontú seo);
- Éilimh tríú páirtithe ar chearta Ainm Fearainn; nó,
- Éilimh maidir le máchailí teicniúla nó easnaimh.

Airteagal 15. ILGHNÉITHEACH

15.1 Éifeacht an Chomhaontaithe seo ar thríú páirtithe

Ní chruthaíonn an Comhaontú seo ach cearta agus dualgais do na páirtithe a shíníonn agus ní do thríú páirtithe. Ní féidir le tríú páirtithe aon chearta a éileamh in aghaidh an Chláraitheora nó EURid

15.2 Leasuithe

Ní mór don dá pháirtí aontú ar leasuithe ar an gComhaontú seo, mura sonraíonn an Comhaontú seo a mhalairt go sainráite. Má iarrann EURid leasú ar an gComhaontú seo, cuirfidh sé é sin in iúl don Chláraitheoir (lena n-áirítear trí ríomhphost agus/nó trí fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin) agus measfar go bhfuil aontaithe ag an gCláraitheoir leis an leasú sin mura ndéanann sé agóid in aghaidh an leasaithe i scríbhinn ag tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis an fhógra an thug EURid.

D'ainneoin an ailt roimhe seo, féadfaidh EURid na Rialacha a leasú má chuireann sé na leasuithe in iúl don Chláraitheoir tráth nach déanaí ná 30 lá sula dtagann siad i bhfeidhm. Ní mór do EURid an fhaisnéis seo a sheoladh trí ríomhphost go dtí an seoladh ríomhphoist atá curtha ar fáil ag an gCláraitheoir le linn an phróisis Creidiúnaithe agus é a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin.

15.3 Díospóidí

Is faoi réir dhlí na Beilge atá an Comhaontú seo. Tabharfar gach díospóid a bhaineann leis faoi bhráid chúirteanna na Bruiséile.

15.4 Maoin intleachtúil

Ní athraíonn an comhaontú seo stádas aon chearta maidir le maoin intleachtúil na bpáirtithe atá i gceist (go háirithe, ach ní teoranta do, aistriú úinéireachta ar, nó ceadúnais chuig a chearta maoine intleachtúla ag ceachtar páirtí).

15.5 Úsáid lógónna agus ainm EURid

Ní thugann an Comhaontú seo cead don Chláraitheoir lógó ná ainm EURid a úsáid mura bhfuil cead sainráite tugtha ag EURid. Is féidir le EURid lógónna ar leith a chruthú chun sochair an Chláraitheora agus féadfaidh sé an ceart a dheonú don Chláraitheoir na lógónna seo a úsáid. Cuirfidh EURid an Cláraitheoir ar an eolas maidir lena leithéid de tharlú.

Ar fhoirceannadh an Chomhaontaithe seo de bhun Airteagal 10, 11 agus 12, ní mór don Chláraitheoir éirí as aon úsáid de lógónna EURid, a bhí ceadaithe cheana féin de réir na míre roimhe seo.

15.6 Suíomh Gréasáin an Chláraitheora

Tá se d'oibleagáid ar an gCláraitheoir a shuíomh gréasáin féin a bheith aige agus i gcásanna ina ndéantar na Clárúcháin a riaradh trí shuíomh gréasáin a bhaineann le tríú páirtí, beidh an Cláraitheoir faoi dhliteanas maidir le gach a bhfuil ar shuíomh gréasáin an pháirtí seo. Tá sé d'oibleagáid ar an gCláraitheoir, sa dá chás, teagmháil a dhéanamh le EURid maidir leis an tagairt díreach don chuid dá shuíomh gréasáin a thagraíonn do Chlárúchán an Ainm Fearainn. Tá de cheart ag EURid taifead a dhéanamh den tagairt seo ar a shuíomh féin chun go bhféadfaidh cláraithe teagmháil a dhéanamh leis an gCláraitheoir go díreach. Sa chás go bhfuil é as dáta, tá sé de cheart ag EURid freisin an tagairt seo a nuashonrú.

Do EURid

Don Chláraitheoir



Marc Van Wesemael
Bainisteoir Ginearálta

(Ainm + Teideal + Dáta)

Taispeántán 1: Táillí clárúcháin agus athnuachana a fheidhmíonn nuair a shínítear an Comhaontú seo

1. 4 EUR is ea táille Chlárúcháin an Ainm Fearainn (gan CBL san áireamh) ag am sínithe an Chomhaontaithe seo idir EURid agus an Cláraitheoir. San áireamh sa táille seo tá ceart úsáide an Ainm Fearainn ar feadh tréimhse bliana tar éis Clárúcháin;
2. 3.75 EUR is ea an táille athnuachana nó fadaithe téarma ar Ainm Fearainn (gan CBL san áireamh) ag am sínithe an Chomhaontaithe seo idir EURid agus an Cláraitheoir.
3. 4 EUR (gan CBL san áireamh) is ea an táille ar aistriú Ainm Fearainn, de réir Alt 10.1 agus 10.2 den Bheartas Clárúcháin;
4. 10 EUR (gan CBL san áireamh) in aghaidh gach Ainm Fearainn is ea an táille do Ghlasáil Clárlainne, de réir Alt 7 de na Téarmaí agus Coinníollacha;
5. 0.25 EUR (gan CBL san áireamh) in aghaidh gach Ainm Fearainn is ea an táille ar bhlucastriú Ainmneacha Fearainn ag EURid ar éileamh ón gCláraitheoir ar gach Ainm Fearainn le híosmhéid de 500 EUR (gan CBL san áireamh) ar gach iarratas ar idirbheart;
6. 3.75 EUR (gan CBL san áireamh) is ea an táille ar athghníomhachtú Ainm Fearainn a cuireadh ar “coraintín”. Is féidir Ainmneacha Fearainn atá ar “coraintín” a athghníomhachtú suas le 40 lá tar éis a scriosta;
7. 4 EUR (gan CBL san áireamh) is ea an táille atá ar athghníomhachtú Ainm Fearainn a cuireadh ar “coraintín” agus lena ngabhann aistriú an Ainm Fearainn sin chuig Cláraitheoir nua. Is féidir Ainmneacha Fearainn ar coraintín a athghníomhachtú suas le 40 lá tar éis a scriosta.